

# Bunreacht



Comhaltas Ceoltóirí Éireann  
32 Cearnóg Belgrave, Baile na Manach,  
Co. Átha Cliath, Éire  
Tel: +353-1-280 0295 Facs: +353-1-280 3759  
R-phost: [enquiries@comhaltas.com](mailto:enquiries@comhaltas.com)  
[comhaltas.ie](http://comhaltas.ie)

Ath-chló 2009

## COMHALTAS CEOLTÓIRÍ ÉIREANN

- Saolaíodh an Comhaltas i 1951, mhéadaigh sé de luas lasrach agus faoi láthair áiríotar breis agus 400 craobh leis in Éirinn agus ar fuaid cheithre creasa an domhain.
- Cothaíonn Comhaltas tríd na dáileasa éagsúla atá faoi a thearmain, na ceoltóirí, amhránaithe agus rincoirí (damhasóirí) traidisiúnta a chur faoi bhráid an phobail.
- Reacháiltear breis agus daichead a ceathair Fleadhanna Ceoil agus féilte iomaíochta de cheol traidisiúnta gach bliain, maille le dáileasa iomaíochta eile agus féilte taispeántais.
- I gclár an eagrais cuirtear spéis leithleach i náiseanna oideachais agus feidhmítear iliomad ranganna agus cúrsaí a thugann deis do lucht cleachtaithe na nealaíonta dúchasacha chun a gcumas ealaíonta a fhorbairt sa chultúr dúchais.
- Tá cartlann ar fáil ina bhfuil raidhse de cheol agus amhráin dhúchasacha atá anois ag teannadh gan stríocadh le mór-shaothar oideachais an eagrais agus a chuirfidh le cumas ealaíonta sa chultúr dúchais.
- Tá an Comhaltas bainteach le forbairt na timpeallachta a fhónaíonn do aidhmeanna agus cuspóirí an eagrais, tá san soléirithe ina chuid oibre i réimsí raidió, teilifíse, meáin cumarsáide eile agus scannáin.
- Le foilseacháin, ceirníní, seisiúin, céilithe, ceolchoirmeacha agus tionscnaimh oideachais shiamsúil (shultmhar), leanann an eagrais ag múnlú ár gceol, amhráin, rince agus teanga mar chuid bríomhar riachtanach de shaol an phobail.
- Tugann an Comhaltas stádas leithleach do theanga dhúchais na hÉireann, an Ghaeilge agus tá an eagrais ceangailte gan spleáchas lena bhuanchothú.

## AN CHRAOBH

Is í an Chraobh bunsraith agus an taonad is tábhachtaí i ngluaiseacht an Chomhaltais.

Is í an Chraobh a chuireann i gcumas saintréithe ár gcultúr dúchais a bheith craobhscaoilte agus neartaithe sa phobal.

Ní fál go haer é craobh a bhunú d'réir na sonraí a leanann agus gan an Bunreacht a shárú:

- (a) Fógair do Bhord an Chontae nó do'n mBord Réigiúnach cad atá beartaithe agat, agus faigh a chead.
- (b) Gairm cruinniú dóibh siúd gur suim leo an gluaiseacht agus tabhair cuireadh do ionadaí ó'n mBord cuí
- (c) Roghnaigh na hoifigh riachtanacha, bailigh na táillí ballraíochta agus seol na faisnéisí atá dlite, maille le táillí árachais freagrachta poiblí go dtí an Bord cuí.
- (d) Cabhróidh an Bord go fonnmhar le craobh chun clár de imeachtaí a chumadh agus a chinntiú agus cuirfidh deachomhairle ar an gcraobh i leith adhbhair a bhaineann le Comhaltas.
- (e) Taréis a bhunaithe ba chóir do'n gcraobh a bheith lánngníomhach i ngnóthaí an Bhoird.

*Má's áil leat eolas breise fháil teagmháil le:*

Comhaltas Ceoltóirí Éireann

32 Cearnóg Belgrave

Baile na Manach

Co. Átha Cliath, Éire

Tel: +353-1-280 0295

Facs: +353-1-280 3759

R-phost: [enquiries@comhaltas.com](mailto:enquiries@comhaltas.com)

[comhaltas.ie](http://comhaltas.ie)



*Tá Cultúrlann na hÉireann, Ard-Oifig CCÉ, ina lár ionad saoihiúlacha agus gníomhaíochta chultúrtha a thugann aitheantas don fhéiniócht náisiúnta agus a chuireann traidisiún na hÉireann chun cinn. Tá bóthar fada achrannach le taisteal againn ach ná bíodh lagmhisneach orainn – tá íobairt agus saothar na mbunaitheoirí an Chomhaltais mar lóchrann againn ar an ród seo romhainn.*

## Clár

1	Coiteann	2
2	Craobhacha	10
3	Boird Chontae	14
4	Comhairlí Cúige	18
5	Ardcomhairle	24
6	Iontaobhaithe	30
7	An Chomhdháil Chinn Bhliana	32

# COMHALTAS CEOLTÓIRÍ ÉIREANN

## BUNREACTH

### ROINN 1 – COITEANN

- NÓTA 1 Gach tagairt sa Bhunreacht seo do Bhoird Chontae agus a n-oifigigh, is intuighthe go mbaineann sé le Boird Réigiúnacha sa Bhreatain agus Meiriceá Thuaidh.
- NÓTA 2 I gcás imeachtaí Mheiriceá Thuaidh is féidir eisceachtaí fé leith a bheith ann maidir le sprioc lá dátaí éagsúla, le cead na hArdchomhairle.
- NÓTA 3 Tá sé de údarás ag an Ardchomhairle, Comhairlí Cúige módhanna cleachtaithe an lámhleabhair reatha ballraíochta a chlaonadh chun córas cláraithe de phréamhshamhail uathoibríthe an Chomhaltais a thástáil agus a fheidhmiú.

### TEIDEAL

- 1 'Sé Comhaltas Ceoltóirí Éireann ainm oifigiúil an eagrais, ar a ngairmfear 'An Comhaltas' iar seo sa Bhunreacht.

### AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

- 2 (a) Gach gné de cheol dúchais na hÉireann a chothú
- (b) Seinm cruite, cláirsí agus píob uilleann d'athbheochaint go foirleathan in Éirinn
- (c) Damhsa dúchais na hÉireann a chothú agus a chur chun cinn
- (d) Amhránaíocht sheanósach Ghaeilge agus Béarla a thionscnamh agus a shaothrú

- (e) An teanga Ghaeilge a chothú agus a chaomhnú gan teip
- (f) Comhcheangal agus cairdeas níos dlúithe a bhunú idir lucht tacaíochta an cheoil Ghaeiligh.
- (g) Comhoibriú le gach eagrais atá ag saothrú an chultúir Ghaelaigh
- (h) Craobhacha a bhunú ar fuaid na tíre agus thar lear chun na haidhmeanna agus na cuspóirí sin a chur i gcrích.

## **BALLRAÍOCHT**

- 3 Beidh an Comhaltas neamhaicmeach agus neamhpolaitiúil. Ní cheilfear ballraíocht ar aoinne atá báidhiúil le haidhmeanna agus cuspóirí an Chomhaltais agus a gheallfaidh dílseacht dá bhunreacht agus dá rialacha. Ní bheidh cead guthaíochta ag baill shóisearacha atá fé bhun 15 bliana ar Lá Coille (Eanáir 1) na bliana reatha agus níl siad intofa go dtí aon oifig sa Chomhaltas. Beidh comhacht guthaíochta ag baill shóisearacha 15 bliana nó breis ar Lá Coille agus beidh said intofa chun oifige in aonad ar bith sa Chomhaltas.

## **ÉARLAIMH**

- 4 Beidh sé d'údarás ag an gComhaltas cuireadh a thabhairt do dhaoine stuama aithnidiúla, cléir nó tuata, nach gá gur baill iad, a bheith ina n-éarlaimh ar an eagrais lena marthain. 'Sí an Ardchomhairle a roghnóidh éarlaimh de bhrí gur chruthaigh sé/sí go bhfuil lé aige/aici le h-obair na heagraíochta nó suim ina gníomhaíocht nó meas agus aird ar a haidhmeanna agus ar a dearcadh. Beidh sé de chead aige/aici a bheith páirteach in imeachtaí uile An Chomhaltais ach ní bheidh cead guthaíochta aige/aici ar aon chruinniú den eagrais.

## BEIDH SÉ DE CHEART AG GACH CRAOBH

- 5 (a) Ballraíocht a dheonú nó a dhiúltú d’aoinne atá ar a thóir
- (b) Aon bhall a dhíbirt má meastar a iompar a bheith bun-os-cionn le h-aidhmeanna agus cuspóirí An Chomhaltais, agus gur dealraitheach míchlú a tharraingt ar an eagrais, ar choinníoll i gcónaí, go mbeidh breith ar an bhfaill ag an mball atá cúisithe é féin a chosaint ar na líomhna agus go gcuirfeadh cinneadh an fhiosruithe in iúl don mball sin in am tráth. Beidh sé de cheart ag an mball éagóirithe achomharc d’éileamh ar an mBord Contae i dtosach báire, agus ina dhiaidh sin ar an gComhairle Chúige. Ní bheidh sárú ar bhreith na Comhairle Cúige mura gcineann an Chomhairle sin ar an scéal a chur fé bhráid na hArdchomhairle. San áit nach bhfuil Bord Contae ag feidhmiú is lomdíreach fé bhráid na Comhairle Cúige a rachaidh an tachomharc.

## EAGRAÍOCHT

- 6 Eagrófar An Comhaltas mar seo leanas.
- (a) Craobhacha
- (b) Boird Chontae; (Boird Réigiúnacha sa Bhreatain agus Meiriceá Thuaidh)
- (c) Comhairlí Cúige
- (d) Ardchomhairle
- dá ngairmfear díobh ‘Aonaid an Chomhaltais’ air seo sa Bhunreacht. Beidh ardcheannas ar an eagraíocht uile go léir ag an gComhdháil Chinn Bhliana.



- 7 Ar a bhunú do gach aonad, beidh cóip amháin den mBunrecht agus des na Rialacha, i mBéarla agus i nGaeilge, ag dul don aonad sin, le seoladh chucu saor in aisce. Féadfaidh baill agus aonaid cóipeanna de bhreis ar sin a cheannach, má oireann dóibh.
- 8 Bainfear feidhm as an leagan Gaeilge ar leithrigh den mBunrecht seo le gach conspóid i dtaobh brí aon fhocail nó rialach sa leagan Béarla a réiteach.
- 9 Tíocfaidh na forálacha nua agus na forálacha leasaithe go nglacfar leo ag an gComhdháil Chinn Bhliana i bhfeidhm ar an gcéad lá Samhna a leanann an Chomhdháil chéanna sin.

## **AIRGEADAS**

- 10 Beidh gach cisteoir freagrach i leith cnuasacht agus caitheamh na maoine a bhaineann le ciste a Aonaid féin den gComhaltas. Cuirfidh an cisteoir i dtaisce, ar chúntas an Chomhaltais, i mbanc atá ceadaithe ag a Aonad, Táillí Ballraíochta; fáltais ó imeachtaí a reachtáileann a Aonad agus pé airgead nó bronntanaisí eile a tugtar don Aonad thar ceann An Chomhaltais. Caithfear gach cúntas airgid, maille le h-uimhir/h-uimhreacha tagartha, atá fé chúram na craoibhe a lua san áit cuí sna foirmeacha cláraithe. Síneoidh an cisteoir agus an cathaoirleach nó rúnaí an Aonaid a thaiscigh, gach seic nó díorachta ar na baincéirí.
- 11 Luacháilfear agus léireofar iad mar mhaoin ina Ráiteas Airgeadais Bliantúil, aon áirnéis ar nós comhraithe síoriomaíochta, gléasanna ceoil, téipthaifeadáin, bannaí, bratacha srl., a bheidh cnuasaithe ag na hAonaid. Luifidh freagracht i leith árachais agus slán-thaisce na n-áirnéis se ar Chathaoirleach, ar Rúnaí agus ar Chisteoir an Aonaid.

12 Taispeánfaidh Ráiteas Airgeadais:

- (a) Fáltas iomlán na tréimhse atá i dtrácht agus a fhoirse
- (b) Caiteachas iomlán na tréimhse céanna agus modh a chaite
- (c) Faisnéis chothromaíochta a nochtfaidh an brabach nó an cailteanas glan in airgead i leith na tréimhse sin

Taispeánfaidh an Ráiteas Airgeadais chomh maith Faisnéis chothromaíochta ag léiriú: (a) Maoin iomlán ag tosach na tréimhse atá i dtrácht. (b) Maoin iomlán ag deireadh na tréimhse céanna tar éis an brabach nó an cailteanas ag (c) thuas, a shuimiú nó a dhealú fá seach.

- 13 Cuirfidh Cisteoir gach Aonaid den gComhaltas i dtoll a chéile agus fé bhráid Cruinniú Bliantúil an Aonaid, ráiteas iniúchta des na cúntaisí airgid a bheidh faisnéisithe go cruinn beacht, agus a léireoidh maoin, fáltas agus caiteachas uile an Aonaid, ar na dheimhniú ag na hiniúcháir a ceapadh ag an gCruinniú Bliantúil.
- 14 Críochnóidh an bhliain airgeadais do chraobhacha ar an 31ú lá de Lúnasa, do Bhoird Chontae ar an 30ú lá de Mhí na Samhna, do Chomhairlí Cúige agus don Ard Chomhairle ar an 31ú lá de Mhí na Nollag. Maidir le Meiriceá Thuaidh, críochnóidh an bhliain airgeadais do chraobhacha ar an 30ú de Mheán Fómhair, do Bhoird Réigiúnacha ar an 31ú lá de Dheireadh Fómhair agus do'n gComhairle Chúige ar an 31ú de Mhí na Nollag.
- 15 Cuirfear suimeanna airgid, táillí srl. ó Chraobh go Contae, go Cúige, go Ceann Áras.
- 16 Caithfear maoin an uile aonaid den gComhaltas chun ceol dúchasach agus cultúr na hÉireann ar leithrigh amháin, a chothú de réir aidhmeanna agus cuspóirí an

Chomhaltais mar a léirítear iad sa Bhunreacht seo. Le cead ón a ghar-aonad stiúrtha féadfaidh aonad a mhaoin a theannadh agus a neartú, tré fháltaisí ó dháileasa shóisialacha, bronntanais, síntiúis nó ar aon chuma eile.

- 17 Ní bheidh táille ag dul go oifigeach, toscaire ná moltóir as ucht comaoin seirbhíse a chur ar an gComhaltas. Íocfar i gcónaí costaisí riachtanacha taistil de réir táille thraenach den ghnáth scoth, táille bhus nó aireamh peitрил de réir nó mar a leasaíonn an Ardchomhairle ó am go ham, maille le háireamh cothaithe measartha.

## **COITEANN**

- 18 Caithfidh na dáileasa go léir a reachtáilfidh Aonad fé choimirce An Chomhaltais a bheith ag réiteach le barrshamhla An Chomhaltais agus an clár do gach dáileas díobh a bheith réamhcheadaithe ag a gharúdarás rialaithe.
- 19 Ní ceadófar aoinne nach ball den gComhaltas é a chomhthoghadh in aon ionad san eagras. Le cead ar leith ón ngar-údarás rialaithe, is féidir daoine nach baill a cheapadh ar Choistí nó Fochoistí go bhfuil feidhm leithleach leo. Is iad na baill chláraithe amháin den gComhaltas atá incheaptha dul i mbun oifige in aon Aonad den eagras, mar aon leis an ionad mar iontaobhaí.
- 20 (a) Cuirfidh an Ardchomhairle Cáartaí Ballraíochta ar fáil gach bliain agus eiseoidh an tArdchlárítheoir iad trí na Boird Chontae. Bíodh stór de Chártaí Ballraíochta ag an Rúnaí Craoibhe i gcónaí, ar na n'eisiúint tar éis táillí ballraíochta a ghlacadh. Ní ceadmhach do Chraobhacha ar aon chúinse táillí ballraíochta a ghlacadh laistigh de cheithre mhí (roimh an 30ú lá d'Aibreán) ó dheire na bliana airgeadais (31ú de Lúnasa)

Dáilfear beartanna de Chomhdháil Chinn Bhliana roimh 1ú de Mhéan Fómhair

Riarfar cártaí ballraíochta ar an Rúnaí Craoibhe sara ngairmfear an cruinniú bliantúil i Mí Dheireadh Fómhair.

## **GUTHAÍOCHT AGUS TOGHACHÁIN**

- 21 Beidh ceart guthaíochta san eagrais ag baill lán-íochta amháin agus is trí chárta ballraíochta amháin a géillfear cead isteach go dtí cruinnithe um thoghacháin.
- 22 (a) Feidhmeoidh gach Oifigeach ó dheireadh an chruinnithe bhliantúil ag ar toghadh é, go deireadh an chruinnithe bhliantúil dár gcionn agus beidh gach Oifigeach i dteideal atoghadh mura gcuirtear a mhalairt in iúl sa Bhunreacht seo.
- (b) Fógrófar follúntas oifige in aon aonad den gComhaltas:
- (i) má bhuaileann an bás aon oifigeach
  - (ii) má chuireann oifigeach fógra scoradh scríofa fé bhráid a aonaid
  - (iii) má mheastar oifigeach a bheith fíorfhailíoch i ndualgaisí a oifige
  - (iv) má bhíonn oifigeach as láthair ó thrí chruinnithe leanúnach dá aonad gan cúis chóir, fhónta, dhleathach.
- (c) Má ráiníonn follúntas oifige do Chathaoirleach, Leaschathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir, OCP, Iniúcháir, nó Oifigeach na nÓg i gCraobh, i mBord Contae nó i gComhairle Chúige de bhithim cúise seachas breoiteacht, breis agus trí mhí roimh dheireadh an téarma dlite don

oifigeach sin, gairmfear cruinniú ar leith laistigh de 28 lá, d'aonghnó chun ball eile den aonad áirithe sin a thoghadh chun an fhollúntais.

- 23 Ní féidir aoinne nach bhfuil i láthair a thoghadh do aon oifig sa Chomhaltas gan ráiteas sínithe uaidh/uaithe go dtí An Rúnaí cuí, á dheimhniú go bhfuil sé/sí toilteanach an oifig sin a ghlacadh má togtar chuici é/í nó gur féidir a bheith réasúnta deimhneach dá thoilteanas. Fógróidh an Rúnaí Aonaid go n-ainmneofar aoinne mar oifigeach do, i scríbhinn don té sin, gur ainmníodh é/í.
- 24 Ní atoghfear chun oifige aon iarrthóir mura mbeidh freastal déanta aige/aici ar 50% ar a laghad de na cruinnithe a bhí dlite dó/di, agus ar thrí cruinnithe ar a laghad i gcás baill nua.
- Caithfidh iarrthóirí do Oifigeach na nÓg/Óg-Bhaill a bheith fé bhun cúig bliana fichead (25) ar 1ú d'Eanair na bliana um thoghacháin.
- 25 Bainfear feidhm as guthaíocht rúnda i dtoghachán chun oifige i ngach aonad sa Chomhaltas. Má théann do iarrthóir dearbhthromlach a bhailiú ar an gcéad chomhaireamh, bainfear as an iomaíocht an té is lú líon guthanna agus comhaireofar arís. Leanfar ar an gcuma sin go mbeidh dearbhthromlach ag iarrthóir amháin.

## ROINN 2 – CRAOBHACHA

- 1 Féadfar craobh den gComhaltas a bhunú in aon ait, ar choinníoll:
  - (a) Go gcuirfidh cúigear ar a laghad in iúl don mBord Contae, más ann do nó don gComhairle Chúige, in uireasa Boird, go bhfuil sé ar intinn acu craobh a bhunú, tacaíocht a thabhairt do aidhmeanna agus cuspóirí An Chomhaltais agus a bheith dílis dá Bhunreacht agus dá Rialacha
  - (b) Go bhfuarthas an cead atá riachtanach chun craobh a bhunú ón mBord Contae nó ón gComhairle Chúige de réir mar is cuí
  - (c) Go bhfuil na táillí atá ceaptha íoctha le Cisteoir an Bhoird Chontae nó le cisteoir na Comhairle Chúige de réir mar is cuí.
- 2 Is í an Ardchomhairle go díreach a scrúdóidh agus a cheadóidh bunú craoibhe thar lear, ach i gcás na Breataine Móire agus Meiriceá Thuaidh is ar an mBord Réigiúnach ansiúd a bheidh a leithéid de fhreagracht.
- 3 Chomh luath in Éirinn agus is féidir tar éis cead d'fháil, toghfaidh na baill as a lán-líon féin na hoifigigh seo leanas:
  - (a) Cathaoirleach
  - (b) Leaschathaoirleach
  - (c) Rúnaí/Clairitheoir
  - (d) Cisteoir
  - (e) Iniúcháir – a bheidh i dtaobh leis an oifig sin amháin san aonad áirithe sin
  - (f) Oifigeach Caidrimh Poiblí (OCP)
  - (g) Treoraí na Gaeilge
  - (h) Oifigeach na nÓg

- (i) Beirt thoscaire go dtí an Bord Contae nó toscaire amháin go dtí an gComhairle Chúige in uireasa Boird Contae.
- 4 San eadarlinn idir lán-chruinnithe craoibhe, ach fé threoir na craoibhe, gníomhóidh Coiste Craoibhe ar a mbeidh, an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach, an Rúnaí/Cláraitheoir, an Cisteoir agus an OCP chun gnáth chúrsaí reatha na craoibhe a stiúru. Féadfaidh an Chraobh méadú ar an gcoiste más áil leo.

## **CUMHACHTAÍ AGUS DUALGAISÍ**

- 5 'Siad príomh-chúraimí craoibhe ná:
- (a) Clárú ceoltóirí an cheoil dúchais (amhránaithe agus gléascheoltóirí), damhsóirí an damhsa dúchais agus lucht taca aidhmeanna agus cuspóirí An Chomhaltais
  - (b) Áiseanna a chur ar fáil le haghaidh ár mbaill a theagasc sa cheol dúchais, amhránaíocht, damhsa agus teanga
  - (c) Eolas ar An gComhaltas agus a ghnothaí a leathadh
  - (d) Aon dualgaisí réasúnta eile a chuireann an Bord Contae, An Chomhairle Chúige nó an Ardchomhairle uirthi a chomhlíonadh.
- 6 Coinneoidh an chraobh liosta des na baill go léir atá cláraithe agus cuirfear macasamhail den liosta sin fé bhráid an chruinniú bhliantúil. Cuirfear cóip triarach den liosta céanna, maille le hainmneacha oifigigh na craoibhe, go dtí an Bord Contae le cur ar aghaidh go dtí an Cúige agus an Ceann Áras, ar a chéad-bhunú agus tar éis gach cruinniú Bliantúil den gcráobh.
- 7 Caithfidh an Rúnaí Craoibhe lán-eolas a sholáthar do Rúnaí an Bhoird Chontae nó Rúnaí na Comhairle más

cuí, i dtaobh gach dáileas a bhíonn le reachtáil ag an gcraobh agus an clár a chur ar aghaidh lena réamh-theadú.

- 8 (a) Ar a céad-clárú beidh gach craobh i dteideal cóip amháin saor in aisce den mBunreacht agus caithfear géilleadh dá rialacha
- (b) Beidh sé de cheart ag gach craobh rúin a chur fé bhráid na Comhdhála Cinn Bliana.
- 9 Tionólfar cruinniú craoibhe uair sa ráithe ar a laghad agus tabharfar réamh-fhógra chuige sin do gach ball. Bíodh cruinniú coiste craoibhe de réir mar a bhuailfidh an riachtanas.
- 10 (a) Níl sé ceadaithe (dleathach) cruinniú Cinn Bliana na Craoibhe a thionól níos déanaí ná an 31ú de Dheire Fómhair gach bliain agus is riachtanach réamhfhógra cuí chuige sin a thabhairt do gach ball. 'Siad na príomhdhualgaisí a bheidh ar Chruinniú Cinn Bliana na craoibhe ná oifigigh a thoghadh do'n mbliain dár gcionn agus ráiteas airgeadais na craoibhe a chíoradh agus a phlé.
- (b) Tá sé rí-thabhachtach go mbeadh na craobhacha uile go léir, cláraithe leis an mBord Contae roimh cruinniú Cinn Bliana an Bhoird sin agus ar an lá nach déanaí ná 31ú de Mhí na Nollag.
- 11 Beidh sé de chumhacht ag gach craobh, rialacha dá cuid féin a cheapadh chun cruinnithe srl. a riaradh chomh fada is ná saraíonn siad faic atá sa Bhunreacht seo ná ins na rialacha nó atá intuigthe astu.

## **AIRGEADAS**

- 12 Beidh an chraobh freagrach as an dtáille bhliantúil bhallaíochta a bhailiú. Is í an Chomhdháil Chinn Bhliana a chinnteoidh méid na táille. Tá an táille seo dlite ar chéadbhunú na craoibhe agus ar an 1ú de



Dheireadh Fómhair gach **bliain d'á éis sin**. Seolfaidh an chraobh an sciar den dtáille seo, de réir treorach ón gComhdháil Chinn Bhliana, go dtí an Contae nó an Cúige in éaghmais Boird Contae. Baileoidh an chraobh táille a bheidh réamhchinnithe ag an gComhdháil Chinn Bhliana, ó gach ball fé 18 bliana, ar a ngairmfear 'Baill Shóisearacha'. Roinnfear na táillí seo de réir moladh na Comhdhála Cinn Bliana. Áireofar Baill Shóisearacha mar lán-bhaill craoibhe.

- 13 Stiúrófar gnóthaí airgeadais gach craoibhe de réir mar atá leagtha síos i rialacha 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 17, i roinn a haon den mBunrecht seo. Beidh an Cathaoirleach, an Rúnaí agus an Cisteoir freagrach sna gnóthaí sin d'iontaobhaithe An Chomhaltais.
- 14 Caithfear cóipeanna den Ráiteas Airgeadais gur glacadh leis, a sheoladh ar aghaidh go dtí,
  - (a) Rúnaí an Bhóird Chontae ar lá nach déanaí ná an 15ú lá de Shamhain
  - (b) Rúnaí na Comhairle Cúige (in éaghmais Boird Chontae) sara dtagann an 15ú lá de Shamhain.
- 15 Caithfidh craobh, costaisí údraithe a cuid oifigeach agus toscairí, a íoc as a ciste féin.
- 16 De bhrí Riail 2 de Roinn a 6 den mBunrecht seo, tá an sealúchas uile atá i seilbh na craoibhe nó fé na h-urlámhas, dílsithe in iontaobhaithe An Chomhaltais agus is fé réir ceadú na niontaobhaithe sin atá údarás ag craobh baint leis an sealúchas sin. Féadfaidh na hlontaobhaithe cúlú ón gceadú sin aon uair. Beidh An Chraobh agus gach ball di freagrach, as sealúchas na craoibhe a lán-ghéilleadh dos a hlontaobhaithe, má iarrann siadsan a leithéid.
- 17 Tá sé coiscithe ar bhall cláraithe de chraobh aistriú go dtí craobh eile laistigh den mbliain bhallaíochta, gan réamhchead ó Bhord an Chontae mar a bhfuil sé/sí ina bhall nó ón gComhairle Chúige in uireasa an Bhoird.

### ROINN 3 – BOIRD CHONTAE

- 1 Bunófar Bord Contae ins gach contae go bhfuil trí craobhacha nó breis ann. Beidh Bord dá leithéid fé cheannas agus fé stiúradh na Comhairle Cúige, a fhéadfaidh an Bord Contae sin a scor agus a mhaoin agus a shealúchas a ghabháil chuici féin, má thagann uimhir na gcraobh fé bhun a trí.
- 2 I gcomhdhéanamh an Bhoird Chontae beidh na hoifigigh seo leanas a toghfar gach bliain
  - (a) Cathaoirleach
  - (b) Leaschathaoirleach
  - (c) Rúnaí/Cláraitheoir
  - (d) Cisteoir
  - (e) OCP
  - (f) Treoraí na Gaeilge
  - (g) Oifigeach na nÓg
  - (h) Beirt Iniúcháir – a bheidh i dtaoibh leis an dá oifig sin amháin ins an aonad céanna
  - (i) Beirt Thoscaire go dtí an Comhairle Chúige
  - (j) Beirt Thoscaire ó gach craobh sa chontae.Beidh sé de cheart ag Bord Contae oifigí breise a chruthú ach ceilfear guthaíocht orthu.
- 3 Feidhmeoidh na hoifigigh réamhluaite den mBord Contae, an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach, an Rúnaí/Cláraitheoir, Cisteoir agus OCP mar choiste Contae fé thiarnas an Bhoird Chontae cun cúrsaí práinneacha san eatramh idir chruinnithe an Bhoird a threorú.

## CUMHACHTAÍ AGUS DUALGAISÍ

- 4 (a) Stiúróidh an Bord Contae, fé mhaoirseacht na Comhairle Cúige, gnóthaí a chraobhacha comhpháirteacha agus 'sé an príomh-chúram a bheidh ar an mBord ná craobhacha nua a bhunú agus aidhmeanna agus cupóirí An Chomhaltais a chraobhscaoileadh. Beidh sé de chumhacht aige maoin a chnuasach nó a chaitheam ar mhaithe leis An gComhaltas amháin.
  - (b) Beidh sé de cheart aige chomh maith, rúin a chur fé bhráid na Comhdhála Cinn Bliana.
  - (c) Beidh sé de cheart ag Bord Contae craobh a chur ar fionraí agus/nó oifigeach/oifigigh craoibhe a dhíbirt as oifig nuair is léirchinnte go bhfuil an chraobh nó oifigigh na craoibhe ciontach i n-iompar atá bun-os-cionn le haidhmeanna agus cuspóirí an Chomhaltais mar a léirítear sa Bhunreacht agus gur dealraitheach míchlú a tharraingt ar an eagraíocht. Beidh sé de cheart ag craobh nó oifigeach atá fé bhreith fionraíochta achomharc a éileamh ar an gComhairle Chúige. Fad a bheidh craobh ar fionraí feidhmeoidh an Bord Contae thar a ceann ins gach gné d'obair agus de dhualgaisí na craoibhe.
- 5 Coiméadfaidh an Bord Contae cóip amháin de na Foirmeacha Tuarascála Ballraíochta Craoibhe agus seolfar cóip dúbalta go dtí an Cúige:
    - (a) Foirmeacha Tuarascála an Bhoird Chontae
    - (b) Foirmeacha Tuarascála Ballraíochta Craoibhe
    - (c) Na Dáileasa go léir atá beartaithe fé choimirce an Chomhaltais sa ChontaeTabharfaidh an Rúnaí réamhfhógra 7 lá do chruinnithe, freastal ar na cruinnithe sin agus na miontuairiscí a thiomsú.

- (d) Seolfaidh sé/sí do dtí an Rúnaí Cúige roimh Nollaig 31 ainmneacha na nOifigeach atá molta don gComhairle Chúige.
- 6 Ar a laghad uair sa ráithe, beidh cruinniú de gach Bord Contae, ar uair agus láthair a cinnteofar ag an gcruinniú roimhe sin. I gcontae gur lú ná 10 líon a chraobhacha, beidh a chruinniú Boird gan éifeacht, gan tathag, mura mbeidh cúigear ball, gur oifigigh beirt ar a laghad díobh, i láthair. Imoidh an dála céanna ar chruinniú Boird in aon chontae le 10 nó breis de chraobhacha, mura mbeidh i láthair cúigiú díobh siúd atá i dteideal freastal, agus orthu sin, go mbeidh beirt oifigeach ar a laghad.
- 7 Tar éis réamhfhógra cuí a chur ag triall ar na baill, tionólfar an Cruinniú Bliantúil ar lá nach déanaí ná 20ú Nollaig nó 31ú Nollaig maidir leis an mBreatain. 'Sí príomhfheidhm an chruinnithe seo ná Oifigigh a thoghadh agus ráitisí airgeadais an Bhoird Chontae, na gCraobhacha agus Coiste na Fleidhe Contae a chíoradh agus a phlé. Ainmneoidh na Craobhacha i scríbhinn go dtí an Rúnaí Contae na hOifigigh don mBord Contae ar lá nach déanaí ná 15ú lá de Shamhain nó an 31ú lá de Nollaig maidir leis an mBreatain.
- 8 Riarófar cúrsaí airgeadais an Bhoird Chontae de réir rialacha 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, agus 17 de Roinn a 1 den mBunrecht seo agus beidh Cathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoir an Bhoird Chontae freagrach do lontaobhaithe an Chomhaltais ins na gnóthaí uile go léir a thagann as na cúrsaí airgeadais céanna.
- 9 Baileoidh an Bord Contae ó gach Craobh táille bhallaíochta a chinnteoidh an Chomhdháil Chinn Bhliana a athrú nuair is gá, ó gach ball agus seolfar go dtí an Cúige an sciar den dtáille sin mar atá ceapaithe ag an gComhdháil Chinn Bhliana.

- 10 Nuair a ghlachfaidh an Cruinniú Bliantúil leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a bheidh iniúchta ag na h-iniúcháirí oinigh, cuirfidh an Rúnaí cóipeanna de'n ráiteas céanna ar aghaidh go dtí an Cisteoir Cúige roimh an 31ú de Mhí na Nollag.
- 11 Is leis an mBord Contae gach comhramh síor-iomaíochta a thagann i seilbh an Bhoird sin agus léireofar a luach mar mhaoin fé mar atá leagtha síos i Rialacha 11 agus 12 de Roinn a 1 den mBunreacht seo. Cuirfidh an Cisteoir Contae na comhramh seo fé árachas agus caithfidh siad a bheith ar fáil do gach Coiste Fleidhe dá leanann. Coinneoidh Cisteoir an Bhoird Chontae liosta ina mbeidh ainm agus seoladh gach duaiseoir a bhuann na comhramh síor-iomaíochta seo.
- 12 Ní bheidh ach an t-aon Fleadh Chontae Bhliantúil amháin ins gach contae agus roinnfear glan-sochar na fleidhe sin mar leanas:
  - (a) 50% do chraobh eagraithe na fleidhe
  - (b) 50% don mBord ContaeTitfidh cailiteanas, más ann dó, sa choibhneas céanna orthu araon. Féadfaidh aon Bhord Contae, ar a bhreithiúnas féin, Fleadhanna Réigiúnacha a reachtáil ón a dtoghfar na h-iomaitheoirí cáilithe don bhFleadh Chontae.
- 13 Mura gcuireann an Bord Contae Ráiteas Airgeadais cuí ar fáil, roghnóidh an Chomhairle Chúige duine dá baill féin, chun cúntaisí an Bhoird sin a scrúdú, agus ar chloisint a t(h)uarascála siúd, pionós oiriúnach a ghearradh, más cuí.

## ROINN 4 – COMHAIRLÍ CÚIGE

- 1 I gcomhdhéanamh Comhairlí Cúige beidh
  - (a) Cathaoirleach
  - (b) Leaschathaoirleach
  - (c) Cisteoir
  - (d) Rúnaí/Cláraitheoir
  - (e) Beirt Iniúcháir Oinigh ná féadfaidh aon oifig eile a ghlacadh ins an Aonad Áirithe Céanna
  - (f) OCP
  - (g) Treoraí na Gaeilge
  - (h) Oifigeach na nÓg

Beirt Thoscaire thar ceann gach Bord Contae sa chúige. Aon Chontae atá in-éagmais Boird, féadfaidh toscaire amháin thar ceann gach craobhe ann, freastal ar an gComhairle Chúige. Beidh sé de cheart ag an gComhairle oifigí sa bhreis a chruthú ach gan cead vótála acu.

## CUMHACHTAÍ AGUS DUALGAISÍ

- 2 Riarfaidh agus stiúróidh An Chomhairle Chúige imeachtaí uile An Chomhaltais sa chúige lasmuigh de Fhleadh Cheoil na hÉireann a leanfaidh fé threoir na hArdchomhairle, i gcomhar leis an gComhairle Chúige. Beidh an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach, an Rúnaí/Cláraitheoir, an Cisteoir agus an tOCP de Chomhairle Chúige, ina mbaill neathofa de gach coiste fleidhe sa chúige, pé acu Fleadh Chontae, Fleadh Chúige nó Fleadh Cheoil na hÉireann.
- 3 Beidh sé de údarás ag an gComhairle Chúige dul i gcomhairle le Bord Contae nó le craobh san áit nach bhfuil Bord Contae ag feidhmiú chun comhairle agus

treoir a thabhairt ar conas a úsáidfear maoin, gustal agus acmhainn an Bhoird nó na craobhe sin chun aidhmeanna agus cuspóirí An Chomhaltais a chur chun cinn agus a spreagadh sa limistéir áirithe atá i gceist.

- 4 (a) Beidh sé de údarás ag an gComhairle Chúige, gach aighneas i dtaobh Baill, Craobhacha nó Boird Chontae sa chúige a réiteach
- (b) Beidh sé de cheart ag gach Comhairle Chúige rúin a chur fé bhráid na Comhdhála Cinn Bliana.
- 5 Beidh sé de údarás ag an gComhairle Chúige aon Bhord Contae nó Craobh san áit nach bhfuil Bord Contae ag feidmiú, a chur ar fionraí laistigh dá cúige féin. Cuirfear an túdarás sin i bhfeidhm nuair a cruthaíotar go soiléir go bhfuil an Bord Contae nó an Chraobh atá i gceist ciontach in iompar a meastar a bheith bun-os-cionn le rialacha, aidhmeanna, cuspóirí agus barrshamhla an Chomhaltais mar a léirítear iad sa Bhunreacht seo agus gur dealraitheach tarcaisne agus mí-chlú a tharraingt ar an gComhaltas. Nuair a tharlaíonn fionraíocht dá leithéid beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Chúige, feidhmeanna uile an bhoird Chontae nó na Craobhe sin a thógaint uirthi féin go sealadach. Is fé bhráid na hArd chomhairle a cuirfear aon athcomharc in aghaidh aon bhreith de'n gComhairle Chúige agus ag an Ardchomhairle atá an breith scoir.
- 6 Tionólfar cruinnithe de na Comhairlí Cúige uair sa ráithe ar a laghad ar thráth agus láthair a cinnteofar ag an gcruinniú roimhe sin. Cuirfidh an Rúnaí réamhfhógra seacht lá agus cóip de chlár gnótha an chruinnithe ar aghaidh go dtí gach toscaire. Socrófar ionad agus tráth do gach Fleadh agus Comórtas sa chúige sara dtagann Lá Samhna. *Tionólfar cruinnithe de Chomhairle Cúige Mheiriceá Thuaidh dhá uair ar a laghad sa bhliain, ar thráth agus láthair a cinnteofar ag an gcruinniú roimhe sin.*

- 7 Féadfaidh an Rúnaí, i gcomhchomhairle leis an gCathaoirleach nó ar achainní ó thrí Bhord Chontae, cruinniú ar leithrigh den gComhairle Chúige a thionól.
- 8 Riarfar gnóthaí airgeadais na Comhairle Cúige de réir rialacha 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16 agus 17 de Roinn a 1 den mBunreacht seo agus beidh an Cathaoirleach, An Rúnaí agus An Cisteoir freagrach d'iontaobhaithe An Chomhaltais sna gnóthaí sin.
- 9 Féadfaidh an Chomhairle Chúige, as a ciste féin, costaisí údraithe oifigiúla taistil agus íostais a cuid oifigeach agus aoinne eile a ghníomhaíonn fén a ceannas, a íoc.
- 10 Roinnfear glan-sochar ón bhFleadh Chúige Bhliantúil mar leanas:
  - (a) 25% do Chraobh eagraithe na Fleidhe
  - (b) 25% don Bord Contae
  - (c) 25% don gComhairle Chúige
  - (d) 25% don ArdchomhairleTitfidh cailteanas, más ann dó, sa choibhneas céanna orthu.
- 11 Baileoidh an Cúige na tailí cuí ballraíochta ón gContae nó ón gCraobh má's riachtanach agus seolfaidh an sciar den dtáille sin de réir moladh na Comhdhála Cinn Bliana go dtí an Ceann Áras.
- 12 Cuirfidh Comhairlí Cúige fé bhráid a gComhthionól Cúige:
  - (a) Tuarascáil an Rúnaí
  - (b) Ráiteas Airgeadais, iniúchta ag na h-iniúcháirí oinigh, agus fairis sin liosta des na Boird Chontae agus des na Craobhacha atá cláraithe go cuí sa Chúige. Léireoidh an liosta seo chomh maith, an bhallraíocht iomlán sa Chúige do gach bliain airgeadais.



- 13 Mura gcuireann Comhairle Chúige, ráiteas cruinnfhaisnéisithe iniúchta dá cúntaisí airgid ar fáil, beidh sé de chumhacht ag an Ardchomhairle taréis dóibh mionfhiosrú a dhéanamh, pé gníomhaíocht smachtúil ar a gcinnfidh said a chur i bhfeidhm ar an gComhairle Chúige sin, agus tharlódh dá chionn sin go gcuirfí aon oifigeach nó na hoifigigh uile ar fionraí. Féadfaidh an Ardchomhairle obair An Chomhaltais sa chúige sin a riaradh, go dtí go mbeidh An Ráiteas Airgeadais réitithe ina cheart agus glactha leis.
- 14 Áireoidh Comhairle Chúige na comhramha síor-iomaíochta a thagann i seilbh Coiste na Fleidhe Cúige, mar chuid dá maoin féin, de réir mar atá léirithe i Riail a 11 de Roinn a 1, agus cuirfear san iomaíocht iad ag Fleadhanna d'éis sin. Coinneoidh Cisteoir na Comhairle Cúige clár-iris a chuirfidh in iúl cá bhfuil gach comhramh agus urradh dhíobh, agus go mbeidh said ar láimh in am tráth do gach fleadh dá leanann. Cuifidh sé/sí liosta na gcomhramh ar aghaidh go dtí Rúnaí na gComórtas, agus fós arís, cuirfidh sé/sí na comhramha uile fé árachas in aghaidh gadaíochta, cailteanais, nó dochair.

## COMHTHIONÓIL CÚIGE

- 15 Sara dtionólfar an Comhthionól Bliantúil, ar uair nach déanaí ná an lá deireanach de Mhí Feabhra (ach amháin Meiriceá Thuaidh) cuirfear amach, ceithre sheachtain roimh ré, go dtí Rúnaithe Contae nó Rúnaithe Craoibhe más cuí sin, cóipeanna den Ráiteas Airgeadais, den gClár Gnótha agus liosta na n-ainmnitheach. Fágfar fé na Boird Chontae ar leithrig iarrathóirí a ainmiú dos na postanna sa Chomhairle Chúige agus caithfear a n-ainmniúcháin a chur in iúl don Rúnaí Cúige cúig seachtainí roimh an gComhthionól ar a dhéanaí. *Tionólfar Comhthionól Bliantúil Meiriceá Thuaidh ar uair nach déanaí ná an*

*Domhnach deireannach de mhí Aibreáin ag láthair craoibhe a cinnteófar bliain ar a laghad roimhe sin.*

16 I gcomhdhéanamh an Chomhthionóil beidh:

- (a) Oifigigh na Comhairle Cúige atá fé chlabhsúr
- (b) An Cathaoirleach, An Rúnaí agus An Cisteoir de gach Bord Contae, ná ceadaítear teachtaí ionaid thar a gceann, agus beirt thoscaire ó gach Bord Contae

Beirt Thoscaire ó gach raobh cláraithe sa bhliain airgeadais reatha

## **FEIDHMEANNA AN CHOMHTHONÓIL CHÚIGE**

17 'Siad seo leanas feidhmeanna an Chomhthionóil Chúige:

- (a) Ráitísí airgeadais na mBord Contae a iniúchadh agus a phlé
- (b) Ráitísí airgeadais na gcraobh nach bhfuil fé réir Boird Chontae a mheas sa tslí chéanna
- (c) Ráiteas airgeadais na Fleidhe Cúige a iniúchadh agus a phlé

Caithfear na Ráitísí Airgeadais seo agus iad iniúchta go cóir agus go cuí, a chur go dtí an Rúnaí Cúige gach bliain ar an lá nach déanaí ná an 31ú lá de Mhí na Nollag

- (d) Ráiteas Airgeadais na Comhairle Cúige a mheas agus a phlé
- (e) Tuarascáil an Rúnaí Chúige a mheas agus a phlé
- (f) Na hoifigigh seo leanas a thoghadh:

Cathaoirleach; Leasathaoirleach; Rúnaí/  
Cláraitheoir; Cisteoir; OCP; Treoraí na Gaeilge;  
Oifigeach na nÓg, Beirt Iniúcháir oinigh a bheidh

fé chosc aon oifig eile a ghlacadh san Aonad áirithe céanna; agus beirt Thoscaire go dtí an Ardchomhairle. Beidh Cathaoirleach na Comhairle Cúige ina Leaschathaoirleach ar an Ardchomhairle

Ní caithfear aon ghuth ach amháin go pearsanta.

- 18 Feidhmeoidh na hoifigigh réamhluaite, An Cathaoirleach, An Leaschathaoirleach, An Rúnaí/ Cláraitheoir; An Cisteoir agus an tOCP mar a léiríodh ag 17(f), mar Bhuanchoiste Cúige, fé thiarnas na Comhairle, chun fadhbanna práinneacha a tharlóidh san eatramh idir chruinnithe na Comhairle a réiteach.
- 19 Nuair a eireoidh Cathaoirleach Cúige as oifig, leanfaidh sé ina bhall de bhrí oifige den gComhairle chéanna, ar feadh bliana eile tar éis sin.
- 20 Ainmneoidh an Comhthionól Cúige iarrthóirí le toghadh ag an gComhdháil Chinn Bhliana dos na h-ionaid seo leanas,
  - (a) Arduachtarán
  - (b) Ardchisteoir
  - (c) Ardrúnaí
  - (d) Ardchláraitheoir
  - (e) Beirt Óg-Bhail

Ceapfaidh Comhdháil Ulaidh oifigeach ceangail idir an Comhaltas agus Cumann Fidileirí Aontroma agus Contae Dhoire 'The Antrim and Derry Fiddlers' Association', an ceapachán sin le daingniú ag an gComhdháil Chinn Bhliana.

## RIONN 5 – ARDCHOMHAIRLE

- 1 I gcomhdhéanamh na hArdchomhairle beidh:
  - (a) Arduachtarán: iarrthóirí don oifig seo cuiridís a n-intinn in iúl i scríbhinn do na Rúnaithe Chúige go léir ar thráth nach déanaí ná an 17 Eanáir sa bhliain go bhfuil an togha le déanamh. Caithfidh gach iarrthóir a bheith ainmnithe ag Comhthionól Cúige amháin ar a laghad, agus ag an gComhdháil Chinn Bhliana i dtosach gnótha san iarnóin Dé Domhnaigh, toghfar as na hiarrthóirí ceartainmnithe an té a gheobhaidh dearbh-thromlach guthanna na dtoscairí dleathacha atá i láthair. Réimeas trí bliana a bheidh ag an Arduachtarán agus ní bheidh atoghadh i ndán dó/di go ceann trí bliana breis thairis sin. Má ráiníonn follúntas don Arduachtaránacht le linn tréimhse réimis na dtrí mbliana sin, toghfar san bhfollúntas sin duine den seisear Leaschathaoirleach a gheobhaidh dearbhtromlach guthanna na mball den Ardchomhairle. Beidh sé de cheart ag Arduachtarán a toghfar ar an gcuma sin a bheith san iomaíocht don oifig chéanna an chéad tréimhse eile tar éis sin.

Dualgaisí: Beidh an tArduachtarán i gceannas ar chruinnithe den Ardchomhairle, den mBuanchoiste agus den gComhdháil Chinn Bhliana. Gníomhóidh sé mar Uachtarán ag an oscailt oifigiúil de Fhleadh Cheoil na hÉireann agus ar dháileasa náisiúnta eile a reachtáilfear fé choimirce na hArdchomhairle. I gcomhchomhairle leis an Ardrúnaí agus leis an Ardstiúrthóir socróidh sé/sí cruinnithe agus cláir oibre cruinnithe den Ardchomhairle agus den mBuanchoiste.

- (b) Ardrúnaí: Iarrthóir atá ar intinn tabhairt féin oifig seo, cuireadh sé/sí é sin in iúl ar chuma na hArduachtaránachta, do na Rúnaithe Chúige. Na hiarrthóirí a gheobhaidh ainmniúchán ó chomhthionól Cúige amháin ar a laghad, roghnófar astu i dtosach gnótha san iarnóin Domhnach na Comhdhála an té a gheobhaidh dearbhthromlach guthanna na dtoscairí dleathacha atá i láthair. Gníomhóidh sé/sí mar Rúnaí don Ardchomhairle, an Bhuanchoiste agus an Chomhdháil Chinn Bhliana. I gcomhchomhairle leis an Arduachtarán agus an Ardstiúrthóir ullmhóidh sé clár gnótha, do chruinnithe na hArdchomhairle agus an Bhuanchoiste agus comhlíonfaidh sé aon dualgaisí breise a dháilfidh an tArdchomhairle air/uirthi.
- (c) Seisear Leaschathaoirligh: ceapaithe mar a léirítear i Roinn 4, Riall 17(f).
- (d) Ardchisteoir: Toghfar Ardchisteoir gach bliain sa tslí chéanna go dtoghtar an tArdrúnaí. Feidhmneoidh sé/sí de réir rialacha 12 go 14 de Roinn 5 den mBunrecht seo. Soláthróidh sé/sí cúntaisí iniúchta don Ceann Áras trí seachtaine roimh an gComhdháil.
- (e) Ardchláraitheoir: Toghfar Ardchláraitheoir gach bliain sa tslí chéanna go dtoghtar Ardrúnaí. Beidh sé/sí freagrach in eisiúint cártaí ballraíochta, in árachas na gcomhramh do Fhleadh Cheoil na hÉireann; beidh sé/sí feagrach tuairisc chruinn a choimeád ar shócmhannas an Chomhaltais ar gach leibhéal; agus deimhneoidh sé/sí iontaofacht na dtoscairí go dtí an gComhdháil Chinn Bhliana.

- (f) Oifigeach Comórtaisí: 'Siad an Ardchomhairle a thoghfaidh Oifigeach Comórtaisí as líon a mball féin. Dualgaisí: Comhoibreoidh sé/sí leis an gCeann Áras ins na gnothaí uile a bhaineann le Fleadhanna, Scoraíocht agus comórtaisí eile
  - (g) Oifigeach Ceoil: 'Siad an Ardchomhairle a thoghfaidh oifigeach ceoil as líon a mball féin. Dualgaisí: Gníomhóidh sé/sí mar Rúnaí don gCoiste Ceoil agus stiúróidh sé/sí obair an choiste le comhoibriú na hArdchomhairle ach fé na treoir
  - (h) Oifigeach Caidrimh Poiblí: 'Siad an Ardchomhairle a thoghfaidh Oifigeach Caidrimh Poiblí as líon a mball féin. Dualgaisí: Comhoibreoidh sé/sí leis an gCeann Áras ins na gnothaí go léir a bhaineann le fógraíocht agus caidreamh poiblí
  - (i) Beirt Thoscaire ó gach Comhairle Chúige
  - (j) Beirt Óg-Bhail
  - (k) Beirt Fhéachadóirí, gan cead vótála, ó na Fochoistí Náisiúnta seo leanas – Coiste Ceoil agus Coiste Rince
- Féadfaidh an Ardchomhairle baill a chomhthoghadh dos na hionaid réamhluaite ag (f), (g) agus (h), más gá
- 2 Fé threoir na hArdchomhairle, gníomhóidh Buanchoiste ar a mbeidh an tArduachtarán, an tArdstiúrthóir, an tArdrúnaí, an tArdchisteoir agus an tArdchláraitheoir chun gnáth obair laethúil, na hArdchomhairle a riaradh nó chun aon dualgaisí eile a chuireann an Ardchomhairle orthu a chomhlíonadh.
  - 3 Féadfaidh an Ardchomhairle duine dá baill a thoghadh mar chomharba, má ráiníonn easnamh éagmais i measc a cuid oifigeach ach má ráiníonn follúntas i

measc na n-ionadaithe cúige ar an Ardchomhairle, is í An Chomhairle Chúige cúí a roghnóidh an comharba gan ró-mhoill. Ní chuirfidh aon easnamh ina ballraíocht ná aon éagmais i dtoghadh aoinne dá baill, neamhthor ar imeachtaí na hArdchomhairle.

## MODH OIBRE

- 4 Tionólfar cruinniú den Ardchomhairle trí n-uaire sa bhliain ar a laghad ar thráth agus láthair a cinnteofar ag na gcuinniú roimhe sin. Is féidir cruinniú urghnáthach den Ardchomhairle a ghairm má mheasann an Buanchoiste a leithéid a bheith gátarach nó caothúil. Cuirfidh an tArdstiúrthóir réamhfhógra seacht lá agus cóip de chlár gnótha an chruinnithe ar aghaidh go dtí gach ball.
- 5 Ní bheidh tathag i gcuinniú den Ardchomhairle gan an cúigiú cuid des na baill ar a n-áireofar ar a laghad beirt oifigeach feidhmitheach. Caithfidh An Cathaoirleach a bheith ina Oifigeach feidhmitheach.
- 6 (a) ‘San eatramh idir Comhdháileanna Cinn Bhliana, beidh ardcheannas reachtach ag an Ardchomhairle ar an gComhaltas ar fad agus an t-aon údarás cinntitheach ar bhrí an Bhunreachta agus na Rialacha. Beidh forlámhas aici ar an eagrais uile go léir i leith smachta, maoinne, infheistíochta agus sealúchais an Chomhaltais. Is tríd na hlontaobhaithe a chuirfidh sí an forlámhas seo i bhfeidhm ina láncheart.
- (b) Beidh sé de cheart ag an Ardchomhairle rúin a chur fé bhráid na Chomhdhála Cinn Bliana.
- 7 Beidh sé de chumhacht aici an spriocbhreith a thabhairt ar aon athchomhraca a thagann féna bráid de réir an Bhunreachta seo.

- 8 Más é tuairim na hArdchomhairle nach bhfuil aonad áirithe ag comhlíonadh rialacha An Chomhaltais mar atáid léirithe sa Bhunreacht seo, nó go bhfuil an t-aonad sin ciontach in iompar díobhálach do dheacháil An Chomhaltais, féadfaidh An Ardchomhairle, tar éis di dul i gcomhairle le gárchoiste rialaithe an Aonaid chéanna, a leithéid sin de aonad a chealú agus seilbh a ghlacadh ar a mhaoin.
- 9 (a) Beidh sé de chumhacht ag an Ardchomhairle maoin a chnuasach, agus dleachtanna a rachaidh chun leasa an eagrais tré chéile a leagadh ar Bhoird Chontae agus ar chraobhacha. Féadfaidh sí deontaisí agus iasachtaí a chur ar fáil do aonaid an Chomhaltais chun aidhmeanna agus cuspóirí An Chomhaltais a chur chun cinn.
- (b) Beidh cumhacht ag an Ardchomhairle iasacht airgid a lorg chun cuspóirí, aidhmeanna agus tionscnaimh ceartúdraithe an Chomhaltais a chur chun cinn. Ar a comhairle féin, más áil leo, féadfaidh an Ardchomhairle a cheadú do Chraobhacha, Boird Chontae nó Comhairlí Cúige, iasacht airgid d'fháil do thionscnaimh réamhcheadaithe, agus gan cead scríofa ón Ardchomhairle ní fhéadfaidh aonad ar bith den gComhaltas airgead a ghnóthú tré iasacht nó rótharrac.
- 10 Ó am go ham, féadfaidh an Ardchomhairle coistí coiteanna nó coistí sainghnéitheacha a bhunú, pé acu dá leithéidí a tuigtear dóibh is oiriúnaí don obair a bheidh le déanamh, ach caithfear beartaisí aon choiste díobh siúd a chur fé bhráid na hArdchomhairle chun iad a cheadú.
- 11 Beidh sé de chumhacht ag an Ardchomhairle an t-ionad do Fhleadh Cheoil na hÉireann a thoghadh mar a léirítear sa Bhunreacht seo.



- 12 Feidhmeannaigh Fostaithe: Beidh na dualgaisí, freagrachtaí agus coinníollacha oibre a chinnteoidh an Ardchomhairle do Fheidhmeannaigh lánaimsearacha fostaithe, fé réir ag Conradh dleathach.

## **AIRGEADAS**

- 13 Stiúrófar gnóthaí airgeadais na hArdchomhairle, de réir mar atá léirithe i rialacha 10, 11, 12, 13, 14 15 agus 17 de Roinn 1 den mBunreacht seo. Beidh an tArduachtarán, an tArdrúnaí agus an tArdchisteoir freagrach ins na gnóthaí seo go léir, do lontaobhaithe an Chomhaltais.
- 14 Cuirfidh an tArdchisteoir tuarascáil an Iniúcháora fé bhráid na Comhdhála Cinn Bliana maille le cuntas cothromaíochta sonnradhach, iar na iniúchadh ag iniúcháoir an Chomhaltais a roghnaíodh ag an gComhdháil Chinn Bhliana roimhe sin. Léireoidh an cuntas gach fáltas, caiteachas, infheistíocht agus sócmhainní chomh maith le staid airgeadais an Chomhaltais ag deireadh na bliana atá fé chaibidil.
- 15 Is í an Ardchomhairle ar leithrigh a bheidh freagrach as caitheamh deontaisí Rialtais nó aon deontaisí eile ar leibhéal náisiúnta.
- 16 Féadfaidh an Ardchomhairle na costaisí údraithe atá riachtanach len a dualgaisí a chomhlíonadh, a íoc as a maoin féin.
- 17 (a) (i) Is é an Comhaltas a shealbhóigh a ghabháltaisí uile chun a ghnó agus a chúram a thabhairt i gcrích foirfeachta.
- (ii) Úsáidfear maoin agus gabháltaisí an Chomhaltais go huile agus go hiomlán chun aidhmeanna na gluaiseachta mar léirítear iad sa Bhunreacht seo a chur chun cinn.

- (iii) Ní íocfar ná ní aistreofar aon chuid de fháltas ná de shealúchas an Chomhaltais, díreach nó neamhdhíreach tré dhibhinn, bónas nó ar aon chuma eile chun sochair dá bhaill.
- (b) Má ráiníonn gur follas deireadh saothair agus éag do Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus fé réir do chomhréitigh feidhmithe le comhlachtaí poiblí nó gníomhaireachtaí, aistreofar maoin uile na gluaiseachta – i gcomhairle agus i gcomhthoil le comhlachtaí oiriúnacha poiblí agus gníomhaireachtaí – go dtí eagrais neamhpholaitiúil, neamhaicmeach, cultúra, a ghéilleann do na cuspóirí agus aidhmeanna céanna le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, agus a choiscigh riaradh na maoin agus an tsealúchais sin ar a bhaill.
- (c) Gheobhaidh Comhaltas a chuid tacaíochta tré shíntiúis deonacha bliantúla.

## **GINEARÁLTA**

- 18 Nuair a bhíonn guthaíocht ar comh tharrac, bíonn guth réitigh de shíor agus i gcónaí ag an Arduachtarán.
- 19 Nuair a bheidh a thréimhse réimis i leataoibh ag an Arduachtarán, leanfaidh sé/sí ar feadh bliana eile dá éis sin ina bhall de bhrí oifige den Ardchomhairle.

## **RIONN A 6 – IONTAOBHAITHE**

- 1 (a) Toghfار, ó dhuine ar a laghad go triúr ar a mhéid iontaobhaithe don gComhaltas, ag an gcéad chruinniú den Ardchomhairle iar nglacadh leis na rialach seo, tré thairiscint de mhóramh na mball i láthair agus i dteideal guthaíochta. Beidh gach Ardiontaobhaí tofa, buan-tseamhach in oifig

ach fé réir na rialacha seo leanas i dtaobh scor nó briseadh as oifig nó ceapadh Ardiontaobhaithe nua.

- (b) Féadhaidh Ardiontaobhaí scor dá oifig ach réamhfhógra seacht lá i scríbhinn a thabhairt do na hArdiontaobhaithe eile agus do Ardrúnaí na hArdchomhairle.
  - (c) Chun Ardiontaobhaí a bhriseadh as oifig, caithfidh dhá thrian de na baill i láthair ag cruinniú coiteann den Ardchomhairle, é sin a chur i gcéill tré ghuthaíocht fé rún agus ar choinníoll go bhfaighidh pé Ardiontaobhaí atá i gceist réamhfhógra aon lá fichead ón Ardrúnaí go gcuirfeair tairiscint, é/í a bhriseadh, fé bhráid an chruinnithe chéanna.
  - (d) Má éagann Ardiontaobhaí nó má ráiníonn follúntas mar a léirítear ag (b) agus (c) réamhluaite, féadfaidh Buanchoiste na hArdchomhairle duine a roghnú chun gníomhú go sealadach mar Ardiontaobhaí agus beidh cumhacht ag an gcéad chruinniú coiteann eile den Ardchomhairle, Ardiontaobhaí a thoghadh.
- 2 Beidh maoin uile an Comhaltais, idir réadach agus pearsanta, pé áit go bhfuil suíomh ar a leithéid, dílsithe ins na hlontaobhaithe de bhrí a dtoghadh do réir na rialacha réamhluaite, agus beidh sé de dhualgas orthu an mhaoin sin a riaradh de réir treoracha nó riachtanaisí na hArdchomhairle.
- 3 'Siad na hArdiontaobhaithe a chuirfidh an dlí, pé acu sibhialta nó coiriúil, thar ceann na hArdchomhairle agus sa tslí chéanna is orthu a thitfidh cosaint aon chúise. Beidh gach naon go bhfuil maoin an Chomhaltais ina sheilbh/seilbh, freagrach do na hArdiontaobhaithe, an mhaoin sin a choimeád slán i dtaisce, agus féadfaidh na hArdiontaobhaithe dochar do, nó a chailleann an mhaoin sin.

- 4 Cúiteoidh an Ardchomhairle go hiomlán leis na hArdiontaobhaithe as gach dochar nó cailliúint pearsanta a thiteann orthu de bharr na gcúrsaí dlí sin.
- 5 Beidh na hArdiontaobhaithe i dteideal bheith i láthair ag aon chruinniú den gComhaltas nó den Ardchomhairle agus má iarann formhór na hArdiontaobhaithe cruinniú coiteann, beidh sé de dhualgas ar an Ardrúnaí a leithéid a ghairm. Beidh sé de dhualgas ar na hArdiontaobhaithe má iarann an tArdrúnaí orthu, tré réamhfhógra scríofa aon lá fichead ar a laghad a thabhairt do gach duine dhíobh, go bhfuil cruinniú coiteann bliantúil beartaithe, tuarascáil a thabhairt do'n gcruinniú sin ar aon nó an uile ní a bhaineann len a gcuid iontaobhaíochta.

## **ROINN 7 – AN CHOMHDHÁIL CHINN BHLIANA**

- 1 'Sí an Chomhdháil Chinn Bhliana an t-úadarás ardcheannasach ar an gComhaltas agus uirthí a bheidh:
  - (a) Na baill den Ardchomhairle, an tArduachtarán agus an tArdrúnaí, gníomhóidh gach naon díobh mar is dual oifige dó/dí.
  - (b) Beirt thoscaire ó gach craobh chláraithe agus Bord Contae cláraithe. Ní bheidh cead guthaíochta ag aon chraobh nó Bord Contae ná beidh cláraithe 28 lá ar a laghad roimh an gComhdháil.
  - (c) Rúnaí agus Cisteoir gach Comhairle Cúige.  
Cuirfear dhá thicéad fé leith, sínithe ag an Ardrúnaí, ag triall ag gach craobh chláraithe agus Bord Contae cláraithe agus ní géillfear cead isteach chun na Comhdhála d'aoinne ceal ticéad díobh siúd.

## MODH OIBRE

- 2 Tionólfar An Chomhdháil ar chéad Domhnach na Bealtaine agus ar inné roimhe sin más gá, ar láthair réamhchinntithe ag Comhdháil na bliana roimhe sin. Beidh dianchosc ar imeachtaí fé choimirce An Chomhaltais a chur ar siúl i rith na Comhdhála ar leithrig.
- 3 Coicíos roimh an gComhdháil cuirfear ar fáil do gach aonad cláraithe
  - (a) Cóipeanna den gClár Gnótha
  - (b) Liosta na n-ainmnitheach; Uaireanta, nuair a reáchtáiltear Comhdháil Mheiriceá Thuaidh ró-dhéanach do sprioclá na nainmnitheach, beidh sé de údarás ag buanchoiste Chomhairle Chúige Mheiriceá Thuaidh na hainmnitheacha ó'n gCúige sin a sheoladh go Ceanncheathrú CCÉ laistigh de'n sprioclá
  - (c) Tuarascáil na hArdchomhairle
  - (d) Miontuairiscí
- 4 (a) Féadfaidh an Ardchomhairle, Comhdháil Shonnradhach a thionól má bhíonn call léi.
  - (b) Fogróidh an Ardchomhairle Comhdháil chomh maith, ar uair agus láthair nach déanaí ná 28 lá tar éis don Ardrúnaí achainí scríofa, sínithe ag cathaoirligh 40 craobh ar a laghad, maille le h-éarlais €60, a cuirfear chun pé críche ar a gcinnfidh an Chomhdháil chéanna.
- 5 Ní bheidh tathag i gComhdháil, gan an deichiú cuid de iomlán na dtoscairí ba chóir a bheith i láthair, maraon le cúigear ball den Ardchomhairle.
- 6 Beidh na feidhmeanna agus na cumhachtaí seo leannas ag an gComhdháil Chinn Bhliana:

- (a) Na hoifigigh seo leanas den Ardchomhairle a thoghadh:
    - 1) Arduachtarán, nuair is cuí
    - 2) Ardchisteoir
    - 3) Ardrúnaí
    - 4) Ardchláraitheoir

Toghfar beirt Óg-Bhaill ag an gComhdháil Chinn Bhliana freisin.
  - (b) Iniúchoir cáilithe a cheapadh chun cúntaisí na hArdchomhairle a iniúchadh
  - (c) Bunrecht an Comhaltais agus Rialacha na gComórtaisí a leasú, a athrú nó a athchóiriú de réir Rialacha 9 agus 10 de Roinn a 7
  - (d) Tuarascála agus Ráitísí Airgeadais na hArdchomhairle agus na gComhairlí Cúige do'n mbliain airgeadais roimhe sin a bhreithniú go cáiréiseach. Féadfaidh an Chomhdháil a cumhachtaí go léir nó cuid díobh, a thíolacadh ar an Ardchomhairle
  - (e) Cinneadh ar mhéid na táille ballraíochta, agus na sciartha oiriúnacha de a roinnt ar na haonaid éagsúla sa Chomhaltas.
- 7 Cuirfidh an tArdstiúrthóir in iúl do gach aonad an sprioc-lá is deireanaí ar a nglacfar le tairiscintí do chlár gnótha na Comhdhála. Sara dtréigfidh mí Feabhra, cuirfidh sé/sí páipéir ainmniúcháin go dtí Rúnaithe Chúige ar a mbreacfar moltaí do oifigigh na hArdchomhairle agus na baill eile atá á thogha, mar atá luaite i Riail 20 de Roinn 4. Ní mór do na tairiscintí agus na hainmniúcháin a bheith san Ceann Áras dhá mhí roimh an gComhdháil. Tá aonaid uile an Chomhaltais i dteideal rúin a chur fé bhráid na Comhdhála Cinn Bliana.

- 8 Caithfear na moltaí le haghaidh leasú an Bhunreachta a chur go dtí an gCeann Áras dhá mhí ar a laghad roimh an gComhdháil a bheidh cuí chuige sin.
- 9 Féadfar athrú a dhéanamh ar an mBunrecht seo má thoilíonn tromlach dhá-thrian (2/3) díobh sin i láthair ag an gComhdháil go bhfuil guth acu.
- 10 Cuirfear tairiscintí leasaithe an Bhunreachta seo, más ann díobh, fé bhráid na Comhdhála Cinn Bliana gach séú bliain ó Comhdháil 1996 amach.
- 11 Nuair a cinntítear rún a chur fé bhráid na hArdchomhairle beidh iachall ar an aonad a mhol an rún a bheith rannpháirteach sa díospóireacht leis an gCoiste cuí agus tuarascáil a thiomsú le plé agus a mheas le toscairí na Comhdhála d'ár gcionn.
- 12 Seolfar leasaithe de'n mBunrecht le scaipeadh imeasc baill laistigh de 6 mhí tar éis a ghlacadh ag an gComhdháil.

### **AISTE AR SHÁR-SHAOTHAR**

Ar mholadh na hArdchomhairle agus le comhthoil na Comhdhála, féadar Teastas Sár-Shaothair, a bhronnadh ar Oifigeach nó ar aon bhall eile den gComhaltas gur buanmharthanach nó mór-éachtach é a shaothar i gcúis an eagrais agus ballraíocht len a shaol mar chúiteamh leis.

## Leasaithe